Séideán Sí

# Cine Shiabhra

Claire Lyons

The Cartoon Saloon a mhaisigh

# Cine Shiabhra



Claire Lyons
The Cartoon Saloon a mhaisigh

An Gúm
Baile Átha Cliath

An chéad eagrán 2009

© An Roinn Oideachais agus Eolaíochta / Foras na Gaeilge, 2009
Athchló 2011

Obair ealaíne © The Cartoon Saloon

ISBN 978-1-85791-764-2

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Baineann an saothar seo le scéim Dhearthóirí Áiseanna Teagaisc na Roinne Oideachais agus Eolaíochta atá ann chun áiseanna Gaeilge a sholáthar do na bunscoileanna Gaeltachta agus do na bunscoileanna lán-Ghaeilge.

Claire Lyons a scríobh

Dearadh agus leagan amach: Designit

Obair ealaíne: The Cartoon Saloon

Turner's Printing Co. Teo. a chlóbhuail in Éirinn

*Le fáil tríd an bpost uathu seo:*

An Siopa Leabhar,
6 Sráid Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2.
*ansiopaleabhar@eircom.net*

*nó*

An Ceathrú Póilí,
Cultúrlann Mac Adam-Ó Fiaich,
216 Bóthar na bhFál,
Béal Feirste BT12 6AH.
*leabhair@an4poili.com*

*Orduithe ó leabhardhíoltóirí chucu seo:*

Áis,
31 Sráid na bhFíníní,
Baile Átha Cliath 2.
*eolas@forasnagaeilge.ie*

*nó*

International Education Services
Eastát Tionsclaíoch Weston,
Léim an Bhradáin,
Co. Chill Dara.
*info@iesltd.ie*

**An Gúm, 24-27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1**




Bhí baill Ardchomhairle Chine Shiabhra tagtha le chéile i halla mór an Rí i bhFothalamh. Bhí an Rí féin, Fachtna Rua, ann. Taobh leis bhí Tuire, fear feasa agus comhairleoir an Rí. Taobh thiar den Rí bhí na banfhlatha, an cúpla Damhnóg agus Saileog.

Bhí an halla plódaithe agus gleo agus rírá i measc an chomhluadair. Níorbh aon ionadh é sin agus ceithre chrith talún tarlaithe i bhFothalamh le ceithre mhí anuas. Leagadh cuid de thithe an bhaile go talamh agus

d'oscail scailpeanna móra sna carraigeacha. Mar bharr ar an donas bhí leibhéal an uisce sna haibhneacha agus sna toibreacha ag titim go mór. Cheana féin bhí ganntanas uisce ag cur as don phobal. Is ea, bhí géarchéim ann cinnte agus cúis mhaith imní ag baill Ardchomhairle Chine Shiabhra.

Ba ar Thuire, an fear feasa, a thit an cúram an cruinniú a stiúradh agus cúlra an scéil a chur i gcuimhne dá raibh i láthair. Bhí muinín ag gach duine as Tuire de bharr a ghaoise agus a eagna. Seanfhear crom cineálta ba ea é. Bhí a ghruaig fhada chatach liath ar aon dath lena fhéasóg ghioblach. Bhí clóca fada corcra ar a ghuaillí. Bhí Tuire dhá chéad bliain d'aois ach, i dtír ina maireann daoine go dtí an trí chéad de ghnáth, níorbh aois rómhór í sin.

Bhí a raibh i láthair ina dtost anois, iad ag stánadh ar Thuire agus ag fanacht go foighneach.

'A Rí agus a dhaoine uaisle,' arsa Tuire agus

é ag féachaint ar an slua os a chomhair, ‘mar is eol daoibh tá géarchéim i bhFothalamh i láthair na huaire. Tuigim go bhfuil sibh an-bhuartha agus go bhfuil sibh ar bís lena fháil amach go cinnte cad é is cúis leis na tubaistí ar fad atá ag titim amach. Is oth liom a rá gurb é is cúis leis na tubaistí seo go bhfuil an tseandraíocht ag dul i léig – an draíocht chéanna a choinnigh sinne, Cine Shiabhra, slán ó chontúirt anseo i bhFothalamh leis na cianta. Bhí a fhios ag ár sinsir, ar ndóigh, nuair a tháinig siad anseo na mílte bliain ó shin, nach gcosnódh an draíocht muid go deo agus go rachadh sí i léig diaidh ar ndiaidh. Go deimhin féin tá tagairtí sna hannála do na tubaistí atá ag tarlú i láthair na huaire. Níl aon chosaint againn orthu níos mó. Níl de rogha againn anois, mo léan, ach imeacht as Fothalamh. Caithfimid filleadh ar dhromchla an domhain ….’

‘Ach cad faoin oighear atá ar an dromchla? Agus na hoighearshruthanna atá ann?’ arsa

an Rí agus é ag briseadh isteach ar Thuire.

Ba í an cheist chéanna a bhí in intinn a raibh i láthair sa halla:

'Cad faoin oighear! Cad faoi na hoighearshruthanna!'

B'in í an chruacheist, ar ndóigh, an chruacheist chéanna a bhí ag déanamh tinnis do Chine Shiabhra leis na mílte bliain ó rinneadh an cinneadh dul faoi thalamh an chéad lá riamh. Dhruid Tuire a shúile agus mheabhraigh sé cúlra an scéil dá raibh i láthair.

# An Comhrac



'Bhí na hoighearshruthanna ag gluaiseacht aduaidh trasna na tíre. Bhí an sneachta ag titim go trom de lá is d'oíche. Ní raibh an ghrian le feiceáil trí na scamaill throma liatha – sin má bhí an ghrian ann ar chor ar bith agus bhí daoine a chreid nach raibh. Bhí an dá chine – Cine Shiabhra agus Cine Riada – ag teitheadh roimh an oighear, iad ag druidim níos faide ó dheas diaidh ar ndiaidh. Thaistil siad an talamh de shiúl na gcos agus thug siad aghaidh ar an bhfarraige mhór ina gcuracha beaga éadroma, agus iad

ag teitheadh roimh an dainséar. Tháinig siad sa deireadh go dtí oileán beag, oileán nach raibh sroichte ag na hoighearshruthanna fós. Faoi dheireadh bhraith siad go raibh tearmann sábháilte bainte amach acu.

'Ach faraor, ní bheadh i ndán dóibh ach faoiseamh gairid,' arsa Tuire agus lig sé osna as. 'Ó bharr na gcnoc a chonaic siad ar dtús é, meall mór oighir ar fhíor na spéire. Ba léir don dá chine anois nárbh aon tearmann an t-oileán beag dóibh níos mó. Ba léir go raibh na hoighearshruthanna fós ag gluaiseacht agus, i gceann tamaill, go mbeadh an t-oileán ar a raibh siad faoi oighear chomh maith. Ach cá rachaidís? Cá bhfaighidís tearmann? Bhí Farraige Mhór an Deiscirt róchontúirteach dá gcuid curacha beaga. Ní raibh ach aon áit amháin a bhféadfaidís dul, mar sin. Faoi thalamh! Thuig siad ón tús, áfach, nach mbeadh an tír faoi thalamh sách fairsing don dá chine. Bheadh rogha le déanamh. Cé acu cine a rachadh faoi thalamh – Cine Shiabhra

nó Cine Riada?'

D'ól Tuire deoch as gloine lena ais sular lean sé ar aghaidh.

'Tar éis mórán cuir agus cúitimh socraíodh gurbh é an réiteach ab fhearr ná comhrac aonair. Ba í an banlaoch, Soirche Shiabhra, a roghnaigh Cine Shiabhra le troid ar a son. Agus ba é an laoch, Dairbhre Riada, a roghnaigh Cine Riada. Bheadh ar an gcine a chaillfeadh an comhrac fanacht ar an dromchla agus dul i ngleic le cruatan na hoighearaoise. Ach bheadh an cine buacach in ann éalú go dtí an tír aislingeach faoi thalamh.

'Ba í an abhainn láthair an chomhraic. Sheas Soirche Shiabhra agus Dairbhre Riada ar an dá bhruach. Bhí siad beirt gléasta don troid, dath ar a n-aghaidh agus a ngruaig ina dtrilseáin fhada. Bhí cuma dhiongbháilte ar an mbeirt acu. Leag a lucht tionlacain a n-airm ag a gcosa. Bhí sciatha, sleánna agus claimhte acu. Chomh maith leis na hairm

sin tugadh cead do na laochra arm amháin eile dá rogha féin a úsáid sa troid. Roghnaigh Dairbhre an Scairt, claíomh solais mhuintir na gcnoc. Roghnaigh Soirche an Meall, liathróid iarainn ar shlabhra.

'Shiúil an dá laoch isteach san abhainn. Bheannaigh siad go humhal dá chéile. Thosaigh siad ag siúl timpeall, gach duine acu ag faire an tseans, ag faire ar a chéile i rith an ama. Bhí an slua ag cur na súl tríothu, gan gíog ná míog as duine ar bith. Gan choinne, léim an dá óglaoch chun tosaigh. Réabadh an ciúnas le coigeadal claíomh agus le gáir chatha. Troid fhíochmhar a bhí ann ó thús deireadh agus bhí an slua ar na bruacha ag screadach in ard a ngutha, gach duine ag gríosú a laoich féin. Bhí Soirche agus Dairbhre beag beann ar an bhfuacht, ar an sneachta a bhí ag síobadh ina dtimpeall agus ar uisce na habhann a bhí ina chúr bán faoina gcosa. Bhí siad buille ar bhuille, gach duine acu chomh tréan leis an duine eile – go dtí

gur bhain cloch tuisle as Soirche.

'Nuair a thit Soirche siar ar chúl a cinn san uisce shleamhnaigh a sciath as a lámh. Sheas Dairbhre os a cionn. Dhruid Soirche a súile. Níorbh fhiú di í féin a chosaint anois. Thabharfadh sí aghaidh go cróga ar a cinniúint. Tharraing sí í féin ina suí, a cuid lámh taobh thiar di mar thaca. Ach ansin ar ghrinneall na habhann mhothaigh sí miotal fuar faoina méara. Slabhra a bhí ann. An Meall! Le haon iarracht mhór amháin tharraing Soirche an slabhra. D'éirigh an Meall aníos as an uisce agus d'eitil sé tríd an aer i dtreo Dhairbhreach. Bhain an buille an anáil de laoch Chine Riada. Baineadh dá chosa é gur fágadh ina chnap é ar bhruach na habhann.

'Ach ansin thit Soirche ar mhullach a cinn isteach san uisce. Bhí ciúnas na reilige ann. Shíl an slua nach mbeadh buaiteoir ar bith ann. Ach ansin, gan choinne, chonaic siad Soirche ar a cosa arís, a dorn san aer go

buacach. Bhí an lá le Cine Shiabhra! Ach maidir le Cine Riada ní raibh aon éalú i ndán dóibhsean. Ní raibh de rogha acu ach fanacht ar dhromchla an domhain agus aghaidh a thabhairt ar chruatan agus ar anró na hoighearaoise.'

Ar chloisteáil an choda sin den scéal dóibh lig a raibh i láthair i halla tionóil an Rí liú ollghairdis astu, mar a lig a sinsir an lá úd na mílte bliain roimhe sin nuair a fuair an banlaoch Soirche an ceann is fearr ar Dhairbhre Riada.

'Ba í Síon bandraoi Chine Shiabhra ag an am. I ndiaidh an chomhraic chuir sí iallach ar dhraoithe uile Chine Riada teacht le chéile ag Lios na Sciath, an lios a bhí i gceartlár an oileáin. Bhí caoga draoi ar fad i láthair. Chuir Síon in iúl do dhraoithe Chine Riada go gcaithfidís a gcuid draíochta a roinnt le Cine Shiabhra chun go bhféadfaidís siúd an tír faoi thalamh a bhaint amach agus a dhaingniú. Bhí Snaidhm na hOrtha le déanamh acu.

‘Amuigh ar an bhfarraige bhí an meall mór oighir fós ag déanamh ar an oileán beag. Ní raibh aon am le cur amú. Sheas draoithe Chine Riada ina gciorcal sa lios agus greim láimhe acu ar a chéile. Sheas Cine Shiabhra ar fad ar imeall an leasa. Sheas an bandraoi, Síon, sa lár chun Snaidhm na hOrtha a stiúradh. Thosaigh an chantaireacht. Go mall réidh d’ardaigh na draoithe a lámha i dtreo na spéire. Neartaigh an ghaoth. Rop sí trí róbaí fada na ndraoithe. Shíob calóga sneachta ar luas mire timpeall an leasa. D’éirigh an chantaireacht ní b’airde agus ní ba ghaiste. Ansin, ón áit a raibh Síon ina seasamh, scairt solas diamhrach suas i dtreo na spéire. Leis sin mhothaigh na draoithe arraing ghéar ag dul tríothu. I bhfaiteadh na súl bhí an t-oileán go léir ar aon bharr amháin solais. Ansin go tobann, bhí sé dorcha. Thit na draoithe ar an talamh, iad tréithlag spíonta. Bhí a gcuid draíochta caite. Bhí Snaidhm na hOrtha déanta acu.

‘Thug an bandraoi, Síon, aghaidh ar an tír faoi thalamh ansin in éineacht le Cine Shiabhra. Thóg siad baile nua dóibh féin, slán ó chontúirt an oighir. Fothalamh a thug siad ar an mbaile nua.’

Bhí ciúnas sa halla nuair a stad Tuire ar feadh cúpla soicind. Ansin lean sé ar aghaidh.

‘Bhí sé i gceist ag ár sinsir fanacht faoi thalamh nó go mbeadh an t-oighear leáite. Ansin d’fhillfidís ar dhromchla an domhain arís. Ach bhí a fhios acu nach dtarlódh sé sin go ceann i bhfad. D’imigh na blianta. Thóg ár sinsir cathair álainn dóibh féin faoi thalamh, iad ag tochailt síos de réir mar ba ghá. Chruthaigh siad páirceanna glasa agus gairdíní áille. Chuir an bandraoi, Síon, spéir dhraíochta os a gcionn. Faoi dheireadh thosaigh Cine Shiabhra a chailleadh spéise sa dromchla. Lig siad i ndearmad an seanchas a bhain leis an saol ar dhromchla an domhain. Bhí daoine róghnóthach lena saol féin agus

iad sona sásta sa chathair aoibhinn faoi thalamh.'

# An Té a Bhí Roghnaithe



Bhain Tuire searradh as a ghuaillí agus chas sé timpeall le breith ar an leabhar a bhí leagtha aige ar bhord íseal in aice leis.

'Ach cad faoin oighear?' a d'fhiafraigh fear de Thuire arís i nglór ard corraithe.

'Nach bhféadfá ortha eile a dhéanamh, a Thuire, chun go mairfimis slán sa chathair álainn seo?' a d'fhiafraigh fear eile.

D'fhreagair Tuire an dara ceist lom láithreach.

'Uair amháin a dhéantar Snaidhm na hOrtha,' arsa Tuire. 'Sin uile. Ní féidir í a

dhéanamh faoi dhó. Caithfimid glacadh lenár gcinniúint agus muid féin a réiteach le filleadh ar an dromchla.'

Thit ciúnas i halla tionóil an Rí. Bhí súile an tslua fós sáite i dTuire agus an bhuairt agus an imní le léamh go soiléir iontu. Bhí siad ar bís anois, iad ag súil go mbeadh réiteach ag Tuire ar a gcruachás. Cinnte, ní loicfeadh sé orthu. Bhí siad ag brath air. Mura mbeadh réiteach aigesean cé aige a bheadh?

'Mar a dúirt mé, bhí a fhios ag ár sinsir a chruthaigh an chathair álainn seo agus an spéir ghorm seo os ár gcionn go dtiocfadh an lá a mbeadh orainn é ar fad a fhágáil inár ndiaidh agus filleadh arís ar dhromchla an domhain. Tá an lá sin tagtha anois agus scríofa sa leabhar atá agam anseo, Annála Shiabhra, tá ainm an té a fhillfidh ar an dromchla ar dtús chun an bealach a réiteach dúinn'

Thóg Tuire an leabhar in airde le go bhfeicfeadh gach duine é. Leabhar mór donn a bhí ann agus é chomh trom agus go

raibh ar Thuire a dhá lámh a úsáid chun é a choinneáil in airde. I lár an chlúdaigh bhí siombail ar nós S. Bhí an slua chomh ciúin agus go gcloisfeá an féar ag fás.

'Tá sé scríofa sa leabhar seo,' arsa Tuire, 'gurb í an banfhlaith is sine de shliocht Shíne a chaithfidh filleadh ar an dromchla ar dtús.'

Dhírigh an comhluadar a súil láithreach ar an mbeirt bhanfhlatha, Damhnóg agus Saileog, a bhí ina seasamh taobh thiar dá n-athair. Bhí sé ráite leis na banfhlatha ó bhí siad an-óg go mb'fhéidir go dtiocfadh an lá a mbeadh dualgas tábhachtach le comhlíonadh acu mar bhanfhlatha de shliocht Shíne. Níor rith sé le ceachtar acu riamh, áfach, gur ar dhuine den bheirt acu a thitfeadh sé an dualgas achrannach seo a chomhlíonadh ar son Chine Shiabhra. Ach cé acu leathchúpla ba shine? B'in í an cheist!



# Cé acu is sine?

Cé nach raibh an cúpla féin cinnte cé acu a rugadh ar dtús ghlac siad leis, ar chúis éigin, gurbh í Damhnóg ba shine. Ba léir ón gcaoi a raibh an slua ag stánadh anois ar Dhamhnóg go raibh siadsan ar an tuairim chéanna. Bhí Damhnóg níos airde ná Saileog. Bhí sí níos sciobtha ag rith. Ba chliste í chun draíochta. Bhí sí níos fearr ag caitheamh sleá. Ba í Damhnóg banlaoch Chine Shiabhra, dar le gach éinne.

Shiúil Tuire go sollúnta i dtreo na ríchathaoireach. Bhreathnaigh Saileog ar

Dhamhnóg agus bród ina croí as a deirfiúr chróga. Ach bhí iarracht d'fhaitíos uirthi, mar sin féin. Céard a bhí i ndán dá leathchúpla? Ansin, go tobann, bhraith sí lámh ar a gualainn féin. Baineadh an anáil di.

'Is í Saileog an banfhlaith is sine de shliocht Shíne,' arsa Tuire. 'Is ar Shaileog a thitfidh an dualgas áit chónaithe nua a aimsiú do Chine Shiabhra. Is í a threoróidh ár gcine ar ais go dtí dromchla an domhain!'

Ba bheag nár thit an t-anam as Saileog nuair a chuala sí a raibh á rá ag Tuire. Ba léir gur baineadh siar as an slua chomh maith. Stán siad ar Shaileog agus an t-amhras a bhí orthu le feiceáil go soiléir ina súile. Cailín beag tanaí ba ea Saileog. Ní fhéadfadh aon duine a rá go raibh cuma bhanlaoich uirthi! Ba dheacair a shamhlú gur shíolraigh cailín mar seo ó Shíon, an bandraoi ba chumhachtaí riamh, an bandraoi ar faoina stiúir a rinneadh Snaidhm na hOrtha, an ortha a choinnigh Fothalamh slán ar feadh na mílte bliain.

Thuig Tuire don slua. Ach bhí a fhios aige go raibh dul amú orthu. Bhí sé cinnte dearfa gurbh í Saileog an banfhlaith ba shine. Nach raibh sé féin i láthair an mhaidin ar rugadh an cúpla!

'Is ea,' ar seisean leis féin, 'bhí na comharthaí cuí uile ann nuair a rugadh Saileog. D'athraigh dath na spéire ó ghorm go dearg. Chruinnigh na fiacha dubha ar leac na fuinneoige sa seomra ina raibh an mháthair ina luí, iad ag fanacht, mar a d'fhan siad leis na cianta roimhe, leis an gcéad amharc ar an leanbh nua-shaolaithe. Agus nach mé féin a thug an leanbh beag bídeach go dtí an fhuinneog chun go bhfeicfeadh na fiacha dubha í agus go gcuirfidís a mbeannacht uirthi!'

Bhí an slua ag éirí míshuaimhneach. D'aontaigh siad uile gur chailín caoin cneasta í Saileog ach níor chreid siad gur 'cailín caoin cneasta' mar í a thabharfadh slán iad as an gcruachás ina raibh siad.

‘Cuir triail uirthi!’ arsa fear teasaí amháin de scread.

‘Caithfear féachaint a chur uirthi!’ arsa fear ó íochtar tíre.

Las aghaidh Shaileoige le náire. Thuig sí nach raibh muinín ar bith ag a muintir aisti. Agus ní thógfadh sí orthu é. Nár shíl sí féin chomh maith leo gurbh í Damhnóg banlaoch an chine?

D’iompaigh Tuire ar an slua arís. Nuair a labhair sé bhí fearg ina ghlór:

‘An é nach bhfuil muinín agaibh as fírinne na n-annála? An é nach bhfuil muinín agaibh asamsa? Nach gcreideann sibh a bhfuil á rá agam?’

Labhair an fear teasaí arís:

‘Nach bhfuil sé de cheart againn ár dtuairimí a nochtadh, a Thuire? Tá tú ag iarraidh orainn cinniúint Fhothalaimh a leagan ar Shaileog. Caithfidh sí a chruthú dúinn gur féidir brath uirthi.’

Ansin labhair duine eile:

‘Níl cuma bhanlaoich ná cuma bhandraoi uirthi seo, ainneoin gur de shliocht Shíne í.’

Rith an monabhar céanna, ag cur in aghaidh Shaileoige, ó cheann ceann an halla. Thuig Tuire go gcaithfí an slua a shásamh. Socraíodh go gcuirfeadh mórbhreithiúna Fhothalaimh triail na fírinne ar Shaileog.

# Na Trí Bhreitheamh



Bhí na trí bhreitheamh, Seán Mac Áigh, Fachtna Mac Cúil Chlaoin agus Morann Mac Maoin, ina suí ar an taobh clé den halla, thart ar dheich méadar ón áit a raibh Saileog féin ina seasamh. Bhí siad uile mór ramhar féasógach. Bhí róba fada dearg á chaitheamh ag gach duine díobh agus clóca cochallach os a chionn.

Bhí bua na fírinne ag gach duine de na breithiúna. Bhíodh eagla an domhain ar choirpigh agus duine de na breithiúna sin i gceannas na cúirte mar d'aithneoidís i gcónaí

má bhí duine ag insint bréag. Ach maidir le Saileog, ba é a bhí ag teastáil ón slua ná deimhniú gurbh í Saileog go cinnte a bhí roghnaithe chun filleadh ar an dromchla ar dtús.

An breitheamh Seán Mac Áigh ba thúisce a chuir triail na fírinne ar Shaileog. Mura dtabharfadh Seán Mac Áigh breithiúnas cóir d'fhásfadh cloig agus léasacha ar a ghrua dheas.

'A Shaileog, an tusa an banfhlaith is sine de shliocht Shíne agus an té atá roghnaithe chun Cine Shiabhra a threorú ar ais go dtí an dromchla de réir fhianaise Annála Shiabhra?'

Níor fhreagair Saileog é. D'fhéach sí ar Thuire ag súil le tacaíocht uaidh. Ach bhí a dhroim ag Tuire léi, d'aon ghnó, cheapfá. Thuig Saileog go gcaithfeadh sí seasamh ar a boinn féin. Chruinnigh sí a misneach agus d'fhreagair sí.

'Is mé,' ar sise agus crith beag ina glór.

D'iompaigh Seán Mac Áigh i dtreo an tslua.

'Deimhním gurb í Saileog an banfhlaith is sine de shliocht Shíne agus an té atá roghnaithe.'

Stán an slua go géar ar ghrua dheas an bhreithimh. Ach níor fhás aon chlog ná léas uirthi, rud a thug le fios gurbh fhíor a raibh ráite aige. Sheas Mac Áigh siar.

Sheas Fachtna Mac Cúil Chlaoin chun tosaigh. Mura dtabharfadh Fachtna breithiúnas cóir thitfeadh torthaí na gcrann go talamh. Bhíodh crann ar iompar aige faoina choinne sin i gcónaí. Chuir seisean an cheist cheannann chéanna ar Shaileog.

'A Shaileog, an tusa an banfhlaith is sine de shliocht Shíne agus an té atá roghnaithe chun Cine Shiabhra a threorú ar ais go dtí an dromchla de réir fhianaise Annála Shiabhra?'

'Is mé,' a d'fhreagair sí arís agus níos mó misnigh ina guth an t-am seo.

‘Deimhním gurb í Saileog an banfhlaith is sine de shliocht Shíne agus an té atá roghnaithe,’ arsa Fachtna Mac Cúil Chlaoin.

Bhí aird an tslua uile ar an gcrann beag lena thaobh ach níor thit na torthaí den chrann mar gurbh fhíor an méid a dúradh.

Ansin sheas Morann Mac Maoin chun tosaigh. Ba é Morann an breitheamh ba cháiliúla sa tír ar fad mar ba aige a bhí an mhuince dhraíochta, an Iodh Morainn. Chritheadh coirpigh le heagla nuair a chuireadh Morann an Iodh timpeall a mhuiníl. Dá mhéad é cumhacht na beirte eile ba chumhachtaí go mór fada Morann Mac Maoin. Ní raibh dul thar a bhreith. Mura dtabharfadh Morann breithiúnas cóir thosódh an Iodh ag fáscadh ar a bhráid. Bhí sé de nós ag an Iodh leanúint ar aghaidh ag fáscadh go bás, fiú, mura dtabharfadh Morann breithiúnas cóir. Ach dá dtabharfadh sé breithiúnas cóir leathnódh an Iodh amach thart ar a ghualainn. Chuir Morann an cheist

chéanna ar Shaileog agus a chuir an bheirt bhreithiúna eile.

'A Shaileog, an tusa an banfhlaith is sine de shliocht Shíne agus an té atá roghnaithe chun Cine Shiabhra a threorú ar ais go dtí an dromchla de réir fhianaise Annála Shiabhra?'

'Is mé,' arsa Saileog go lánmhuiníneach an babhta seo.

'Deimhním gurb í Saileog an banfhlaith is sine de shliocht Shíne agus an té atá roghnaithe,' a d'fhógair Morann go drámatúil.

Ba bhreá leis an ócáid dhrámatúil. Le deimhniú na fírinne tháinig athrú iontach ar an Iodh timpeall mhuineál Mhorainn. Thosaigh sí ag leathnú amach thar a ghualainn. Dhrithligh an solas ar na clocha gorma luachmhara inti. Ansin chualathas osna ar fud an halla, osna a lig an Iodh aisti le deimhniú na fírinne. Ní raibh dul thar bhreith na hIdhe.

Ba í Saileog, más ea, an té a bhí roghnaithe. Leis an tríú deimhniú sin tháinig misneach chuici. Ba léir, áfach, gur dheacair do chuid den slua a chreidiúint fós go bhféadfadh an 'cailín caoin cneasta' seo iad a shábháil!

# Ar Tí Imeacht



Bhí Saileog ag féachaint amach fuinneog a seomra codlata nuair a chnag Tuire ar an doras.

'Meas tú an bhfeicfidh mé coillte Fhothalaimh arís go deo, a Thuire?' ar sí leis, agus í ag féachaint ar an radharc aoibhinn a bhí aici óna seomra.

'Ní fada go bhfeicfidh tú coillte eile, a stór,' arsa Tuire, 'is é sin má tá deireadh leis an oighearaois.'

'Cad a tharlóidh dúinn má tá an dromchla fós i ngreim an olloighir, a Thuire?' ar

sise ag casadh timpeall agus ag stánadh isteach i súile gorma gaoiseacha Thuire. 'Ní mise Síon, tá a fhios agat. Síon a rinne an mhórdhraíocht a choinnigh Fothalamh slán ar feadh na mblianta. Ní dóigh liom go bhfuil aon chosúlacht agamsa léi. Nach mbeadh mo dheirfiúr, Damhnóg, níos fearr don tasc seo?' arsa Saileog.

'B'fhéidir go bhfuil an chuma sin ar an scéal, a Shaileog,' arsa Tuire, 'ach tá mise lánchinnte de rud amháin. Pé misneach nó calmacht nó cineáltacht fiú, a shábhálfaidh ár gcine is ionatsa atá sé. Nár dheimhnigh na trí bhreitheamh gur tusa an té atá roghnaithe! Tá lánmhuinín agam asat, a stór. Bíodh misneach agat! Is tusa a threoróidh muid ar ais go dtí an dromchla.'

D'fhéach Tuire go ceanúil ar Shaileog ar feadh nóiméid sular labhair sé arís.

'Anois, tá dhá rud le tabhairt agam duit. Cabhróidh siad leat sa chuardach.'

Thóg sé muince airgid as a phóca, muince

ar a raibh siogairlín i bhfoirm S mór, cosúil leis an tsiombail ar chlúdach an leabhair inar caomhnaíodh Annála Shiabhra.

'Cad chuige í seo, a Thuire?' a d'fhiafraigh Saileog de, fad a bhí an mhuince á cur thart ar a muineál aige.

'Níl a fhios agam go cinnte ach is í seo an mhuince a chaith Síon i gcaitheamh a saoil. Tá sé scríofa sna hannála gur leis an té atá roghnaithe í agus gur saghas méar eolais í.'

'An bhfuil tú cinnte gur domsa í, a Thuire?'

'Táim lánchinnte de. Sula bhfuair sí bás chuir Síon an mhuince isteach i mbosca speisialta adhmaid, in éineacht le píosa páipéir ar a raibh rann beag:



‘Níl a fhios agam conas a oibríonn an mhuince ná an siogairlín, i ndáiríre,’ arsa Tuire, ‘ach, dar ndóigh, ní mise an té atá roghnaithe!’

As póca eile thóg Tuire mála beag leathair.

‘Seo é an dara rud atá agam duit – mála de chré Fhothalaimh. Tá draíocht i gcré Fhothalaimh. Má bhíonn tú i mbaol nó má bhíonn cúnamh uait neartóidh an chré seo pé draíocht a dhéanann tú. Is cuimhin leat conas í a úsáid?’

‘Is cuimhin liom, a Thuire. Ba an-mhúinteoir tú!’ ar sise agus rug sí barróg cheanúil air.

Agus iad ar a mbealach go dtí an phluais mhór dhubh faoi Lios na Sciath agus an oscailt go dtí an dromchla labhair Tuire faoin tasc a bheadh roimh Shaileog.

‘Déanaim amach, a Shaileog, nach mairfidh an tseandraíocht ach cúpla lá eile. Tá na daoine ag cruinniú ó na ceithre hairde

cheana féin. Beidh trí lá agat, mar sin. Níl a fhios agam cad a bheidh romhat ar an dromchla. Ní fios ar tháinig aon duine beo as an oighearaois. D'fhéadfadh sé, fiú, go bhfuil an dromchla i ngreim an olloighir fós. Pé scéal é, beidh an draíocht anseo i bhFothalamh imithe i léig go hiomlán faoi cheann trí lá agus mura mbeidh áit chónaithe nua aimsithe agat dúinn ar an dromchla faoin am sin beidh deireadh linn.'

'Is trom an t-ualach atá curtha orm. Ach tá a fhios agat go ndéanfaidh mé mo dhícheall, a Thuire.'

'Tá a fhios sin agam. Mo bheannacht leat, a Shaileog de shliocht Shíne. Go n-éirí leat. Ortsa atá ár gcinniúint!'

Chas Tuire ar a sháil á fágáil ag bun an staighre fhada lúbaigh. Bhí a raibh le rá aige ráite. Agus ní raibh sé ag iarraidh go bhfeicfeadh Saileog na deora ina shúile.

Bhí Saileog léi féin anois agus cinniúint a cine ag brath uirthise. Stán sí go hamhrasach

ar an staighre fada cloiche a shín an bealach ar fad suas go dtí an oscailt – an oscailt go dtí Lios na Sciath agus dromchla an domhain.

# An Dromchla



Shiúil Saileog suas na céimeanna cloiche. Solas glas na cloiche féin a threoraigh í. Bhí cuid de na céimeanna míshocair agus ba bheag nár thit sí cúpla uair. Ar aghaidh le Saileog céim ar chéim go dtí gur cheap sí nach mbeadh deireadh go deo leis an staighre lúbach seo. Ag an gcasadh deiridh chonaic sí síleáil ithreach os a cionn.

'An oscailt go dtí an dromchla,' ar sise agus gliondar uirthi.

Ach níor chuala ach na clocha í, na clocha céanna a chaith a guth ar ais chuici go

taibhsiúil, amhail is go mbeadh duine eile ag caint léi.

Thóg sí sos beag. D'fhéach sí ar an tsíleáil nach raibh ach troigh go leith os a cionn. Bhí Tuire tar éis míniú di nach raibh sa tsíleáil sin ach síleáil dhraíochta a chruthaigh Síon. Ba bhealach aontreoch í. Ní ligfeadh sí aon duine ná aon rud isteach ón dromchla. Agus ní ligfeadh sí amach as Fothalamh ach an té a bhí roghnaithe chun filleadh ar an dromchla. Chruinnigh Saileog a cuid misnigh, sheas ar an gcéim dheiridh agus i bpreabadh na súl bhí sí ar an taobh eile, í ina seasamh ar mhullach Lios na Sciath, an chéad duine de Chine Shiabhra a sheas ar dhromchla an domhain leis na mílte bliain.

Bhí aer an dromchla lán de bholadh cumhra ón sceach geal.

'Bhuel! Bhuel!' arsa Saileog agus í ag féachaint timpeall uirthi. 'Tá rud amháin cinnte. D'imigh an t-olloighear ó dhromchla an domhain i bhfad ó shin.'

Mhothaigh Saileog an féar bog faoina cosa. B'oíche lánghealaí í. Stán sí le hiontas ar na réaltaí a bhí ag spréacharnaigh sa spéir. Faoi sholas na gealaí rinne sí amach an ceantar máguaird ón áit a raibh sí ina seasamh ar bharr na tulaí. Thart ar an tulach bhí ciorcal cloiche clúdaithe le fásra agus le corrchrann. Ba chiorcal mór é thart ar 50 méadar ar leithead, mheas Saileog. Smaoinigh sí ar an scéal a bhí cloiste aici faoin lá cinniúnach úd a sheas Síon ar bharr na tulaí seo agus Snaidhm na hOrtha á stiúradh aici, an draíocht a thug deis do Chine Shiabhra teitheadh ón oighearaois. Bhraith Saileog cumhachtach anois agus shamhlaigh sí nach raibh tada, ba chuma cé chomh deacair agus a bhí sé, nach bhféadfadh sí a dhéanamh ag an bpointe sin. Ach, ar ndóigh, ní fhéadfadh sí mórán a dhéanamh, i ndáiríre, go dtiocfadh an lá.

Shuigh Saileog faoi chrann ard ar imeall an leasa agus d'fhan sí le solas an lae. Bhí sé níos

fuaire ar an dromchla ná mar a bhí sé faoi thalamh agus chuach Saileog a clóca gorm thart uirthi á cosaint féin ar an bhfuacht. Ní raibh sí ag súil go gcodlódh sí ar chor ar bith agus í ar bís mar a bhí. Ach bhí sí chomh tuirseach agus gur thit a codladh uirthi ar an toirt.

# Seán Rua



Lapa clúmhach ag tochas ar a muinchille a dhúisigh Saileog as a codladh. Dhúisigh sí de gheit, dearmad déanta aici ar feadh soicind nach ina leaba féin i bhFothalamh a bhí sí. Os a comhair bhí créatúr clúmhach ina sheasamh ar a chosa deiridh, a shúile beaga donna ag stánadh uirthi. Bhí cnó á chogaint aige rud a chuir cuma ata ar a chuid leicne.

‘Cé thusa?’ a d’fhiafraigh an créatúr di, é ag tochas ar a muinchille arís. ‘Agus cé a thug cead duit codladh ag bun mo chrainnse?’

Phléasc Saileog amach ag gáire.

'Iora rua atá ann!'

'Iora rua! Iora rua! Cad atá á thabhairt agat orm? Agus … conas a thuigeann tusa mise?'

Leath súile an chréatúirín le hiontas.

'Agus … conas a thuigimse tusa! Is duine de shaghas éigin tú. Ní labhraíonn ainmhithe le daoine,' ar sé go hardnósach, é ag casadh uaithi agus a shrón san aer.

'Nach labhraíonn daoine agus ainmhithe le chéile anseo?' arsa Saileog.

'Chuala mé go dtarlaíodh sé sin tráth ach níor chreid mé é – go dtí inniu!' arsa an t-iora rua.

Chuimhnigh Saileog ansin gur chuid den tseandraíocht an cumas labhairt le hainmhithe, cumas a bhí i ngach duine i bhFothalamh. Nuair a bhog Cine Shiabhra faoi thalamh thug siad leo pé draíocht a bhí ar an dromchla. Na daoine a fágadh ar an dromchla, mar sin, chaill siad a gcumas labhairt le hainmhithe. Thuig Saileog ansin cén fáth a raibh an oiread gliondair ar an

iora rua greannmhar seo agus é ag comhrá le duine den chéad uair ina shaol.

'Ní do do mhaslú a bhí mé nuair a thug mé iora rua ort,' ar sise. 'Sin an cineál ainmhí tú.'

'Níl a fhios agam cén sórt ainmhí é iora rua ach Seán Rua an t-ainm atá ormsa.'

'Is mise Saileog de shliocht Shíne. Tháinig mé aníos ón tír faoi thalamh aréir.'

'Ón tír faoi thalamh! Ón tír faoi thalamh! Cén sórt finscéil é sin agat!' arsa an t-iora rua agus é ag damhsa thart ar a lapaí beaga. 'An gceapann tusa gur amadán mise? Níl faoin talamh ach coiníní, péisteanna agus tuilleadh péisteanna.'

'Ní haon finscéal atá á insint agam duit, a Sheáin Rua,' arsa Saileog agus d'inis sí scéal Fhothalaimh dó.

Mhínigh sí dó gurbh í féin an té a bhí roghnaithe le Cine Shiabhra a threorú ar ais go dtí an dromchla. D'at súile Sheáin Rua le hiontas agus é ag éisteacht le scéal

Fhothalaimh.

'Anois,' arsa Saileog agus d'éirigh sí le himeacht, 'tá áthas orm gur bhuail mé leat ach tá deabhadh orm mar tá jab práinneach le déanamh agam. Níl ach trí lá fágtha agam.'

'Trí lá?' arsa Seán Rua.

'Is ea, trí lá. I gceann trí lá beidh an draíocht imithe i léig agus mura mbeidh áit chónaithe nua aimsithe agam do mo mhuintir beidh deireadh leo.'

'Bhuel, mar a tharlaíonn sé, níl mise ag déanamh tada eile faoi láthair má tá comhluadar uait. D'fhéadfainn a bheith i mo threoraí agat, b'fhéidir, ós rud é gur strainséir tú sa cheantar seo.'

Bhí nóta dóchais i nglór Sheáin Rua agus impí ina shúile beaga donna. Rinne Saileog a machnamh ar an scéal. Bhí sí ag mothú saghas uaigneach sa domhan nua seo, ceart go leor. Dá mbeadh comhluadar aici cá bhfios ach go n-éascódh sé a cuardach.

'Ceart go leor, más ea, a Sheáin Rua,' arsa

Saileog, 'ach caithfidh tú a thuiscint ar dtús gur turas contúirteach é seo agus nach bhfuil a fhios agam go cinnte cad a thitfidh amach ar an mbealach.'

Níor thuig Seán Rua, i ndáiríre, cad a bhí i gceist ag Saileog le 'turas contúirteach' ach ba é seo an chéad uair a labhair sé le duine agus bhí sé ag baint an-taitneamh as!

Lean Seán Rua Saileog go mullach Lios na Sciath, é ag dul chomh sciobtha agus a bhí ina chosa beaga gearra. Ach bhí sé rite as anáil nuair a shroich siad barr na tulaí.

'Cad atá á chuardach agat?' a d'fhiafraigh sé di go gearranálach.

Níor fhreagair Saileog é. Faoi sholas an lae chonaic sí a lán nach bhfaca sí an oíche roimhe sin faoi sholas na gealaí. Bhí balla an leasa ag titim as a chéile. Bhí cuid de imithe ar fad, é leagtha agus píosaí de tugtha chun siúil ag feirmeoirí i gcaitheamh na mblianta. Thuig Saileog ansin an chúis a raibh an tseandraíocht a choinnigh Fothalamh slán

ag dul i léig. Mar a bhí ráite sna hannála ba iad na liosanna a bhí scaipthe ar fud an oileáin a choinnigh an tseandraíocht slán. Gach seans go raibh an droch-chaoi chéanna ar na liosanna eile. Rith sé le Saileog go raibh a fhios acu siúd a scríobh Annála Shiabhra na mílte bliain ó shin gurbh é a leithéid seo a d'ídeodh an tseandraíocht. Ní bhíonn in aon ní ach seal.

Agus í ag féachaint thart an mhaidin bhreá seo, chonaic Saileog páirceanna móra méithe faoi arbhar agus páirceanna eile ina raibh ba agus caoirigh ag meilt ar an nós spadánta sin a bhíonn ag beithígh. Léim a croí ina hucht nuair a chonaic sí baile beag i bhfad uaithi. An bhféadfadh sé gur de Chine Riada na daoine a bhí ina gcónaí sa bhaile sin? Dá mba iad a bhí ann an mbeadh cuimhne acu ar Chine Shiabhra sa seanchas? An mbeadh cuimhne acu ar an gcomhrac idir Soirche agus Dairbhre Riada agus ar an lá a rinneadh Snaidhm na hOrtha i Lios na

Sciath? Nó an raibh an iomarca blianta caite anois agus na scéalta sin ligthe i ndearmad? B'in iad na ceisteanna a chráigh a hintinn. Cad a dhéanfadh sí anois? Rith sé léi arís eile go mbeadh a deirfiúr Damhnóg níos fearr don tasc seo.

# Na Daoine



Chruinnigh Saileog a misneach agus shiúil sí síos an tulach i dtreo an bhaile. Rith Seán Rua chun tosaigh uirthi. Bhí Saileog fós ag baint aoibhnis as aer folláin an dromchla. Rinne siad a mbealach trí na páirceanna cumhra go dtí coill a bhí ar imeall an bhaile.

Bhí áthas ar Sheán Rua a bheith i measc na gcrann arís. Níor thaitin na páirceanna móra leis in aon chor. Ar aghaidh leis ag bailiú cnónna agus ag caint le hioraí rua eile anseo is ansiúd – cuid acu a bhí gaolmhar leis – agus é ag fógairt d'iora ar bith a d'éistfeadh leis gur

chara mór leis an duine sin agus go raibh ar chumas an duine sin teanga na n-ainmhithe a labhairt! D'imigh an scéal go sciobtha tríd an gcoill go raibh duine aimsithe ag Seán Rua a thuig caint na n-ainmhithe. Tháinig ainmhithe ó gach cearn den choill chun labhairt le Saileog. Ach ní dhearna Saileog aon mhoill. Ní fhéadfadh sí! Ní raibh aici ach trí lá. Thug sí geallúint d'ainmhithe na coille, áfach, go dtiocfadh sí ar ais.

Bhí láithreán tógála ar imeall na coille gar do thithe an bhaile. Bhí torann uafásach thart ar an áit leis an innealra a bhí ag tochailt na hithreach agus leis na fir a bhí ag iompar brící agus ag tógáil ballaí. Chuaigh Saileog agus Seán Rua i bhfolach taobh thiar de na sceacha ar imeall an láithreáin. Agus b'ansin a fuair Saileog a céad amharc ar na daoine a bhí ina gcónaí ar an dromchla. A thiarcais! Cuireadh an dubh-iontas uirthi. Má ba de Chine Riada an dream seo, agus seans an-mhaith gurbh ea, bhí athrú tagtha

orthu ó bhí Cine Shiabhra ar an dromchla leo. De réir na n-annála bhí cuma an-chosúil le chéile ar Chine Riada agus ar Chine Shiabhra agus bhí an dá chine ar comh-airde. Ach bhí na fir seo ar an láithreán tógála millteach mór. Fathaigh ba ea iad! Bhí siad dhá thrian níos airde ná Saileog. Ná a hathair, go fiú!

'Cad a tharla in aon chor?' arsa Saileog léi féin. 'Ar fhás Cine Riada in airde agus i neart mar gur fhan siad ar an dromchla?'

Thuig sí láithreach nach mbeadh aon áit ar an oileán seo dá muintir.

Mar bharr ar an donas fuair duine de na fir tógála, a raibh hata mór buí ar a cheann, sracfhéachaint ar Sheán Rua agus go tobann chaith sé cloch leis, cloch a bhuail Seán Rua sa ghualainn gur lig sé béic as. Ba chruálach an rud é. Thosaigh an fear ag siúl i dtreo na sceach ina raibh siad i bhfolach agus cloch eile ina lámh aige!

'Má fheiceann sé mé! Má bheireann sé greim orm cé a shábhálfaidh mo mhuintir?'

arsa Saileog léi féin agus a croí i mbarr a cluaise.

Gan choinne chuimhnigh sí ar ortha ghairid a mhúin Tuire di na blianta roimhe sin. Dúirt sí go sciobtha í agus i bpreabadh na súl d'éirigh léi mearbhall a chur ar an bhfear tógála go ndearna sé dearmad iomlán ar a raibh ar intinn aige! Shleamhnaigh Saileog agus Seán Rua ar ais sa choill go sciobtha.

'An bhfuil tú gortaithe go dona, a Sheáin Rua?' arsa Saileog.

'Níl, ach ní maith liom do chairde!' arsa Seán Rua.

'Ní cairde liomsa iad, tá sin cinnte. Agus más in iad Cine Riada, agus tá tuairim mhaith agam gurb iad, tá athrú mór tagtha orthu ó aimsir na hoighearaoise. Ní bheidh aon fháilte roimh mo mhuintir anseo. Tá muid róbheag anois. Ach cad a dhéanfaidh mé? I gceann lá nó dhó beidh an draíocht imithe i léig. Caithfidh mé áit chónaithe nua a aimsiú dóibh!'

'Bhuel, níl ionamsa ach iora rua ach má bhí do shinsir chomh cliste sin go raibh a fhios acu nach mairfeadh an tseandraíocht go deo, seans gur fhág siad rud éigin chun cabhrú libh teacht ar áit chónaithe nua ar an dromchla,' arsa Seán Rua. 'Ach, mar a dúirt mé, níl ionam ach iora rua!'

Agus chas sé uaithi agus a shrón san aer. Phléasc Saileog amach ag gáire faoina chuid geáitsí agus ar feadh soicind rinne sí dearmad ar a cuid trioblóidí.

'Agus cad chuige,' arsa Seán Rua agus é ag leanúint air, 'a bhfuil luisne ag teacht ón siogairlín sin atá á chaitheamh agat timpeall do mhuiníl?'

D'fhéach Saileog síos ar an siogairlín le hiontas. Bhí an ceart ag Seán Rua. Bhí solas glé ag teacht uaidh.

'Nach ait é sin! Seo é an siogairlín a chaith an bandraoi, Síon, i gcaitheamh a saoil.'

Chas Saileog timpeall. Nuair a thug sí a haghaidh ar an tuaisceart ba bheag nár

phléasc an solas as an siogairlín. Ach nuair a chas sí i dtreo na n-airde eile lagaigh an solas. Bhris meangadh mór gáire ar a haghaidh.

'B'in an chiall a bhí leis an rann beag a bhí istigh leis an muince!'




'Is saghas compáis é an siogairlín, mar sin. Taispeánfaidh sé an bealach dúinn! An dtiocfaidh tú píosa eile den bhóthar liom, a Sheáin Rua? Déanaim amach go dtarraingíonn tú an t-ádh orm!'

'Cá bhfuil ár dtriall, a Shaileog?' an freagra a fuair sí.

'Áit éigin ó thuaidh,' arsa Saileog. 'Leanfaimid solas an tsiogairlín.'

# An Siogairlín



Bhí grian an mheán lae ag spalpadh anuas orthu agus iad ag déanamh a mbealaigh ó thuaidh. Thaistil siad na cúlbhóithre, iad ag fanacht amach ó dhaoine agus ag fanacht as amharc. Aon uair a chuala siad guthanna daonna agus iad ag taisteal leo chuaigh siad i bhfolach ar luas lasrach go ndeachaigh na daoine tharstu. Bhí a dóthain d'fhathaigh Chine Riada feicthe ag Saileog. Ní raibh sí chun dul sa seans go bhfeicfí í agus níos measa fós go mbéarfaí uirthi!

Lean siad orthu ag siúl, ag tógáil sosa anois

is arís ar a mbealach ó thuaidh. Bhí Seán Rua ag baint an-taitneamh as an turas. B'aerach an créatúr é. Mhothaigh sé gur phearsa mór le rá é anois i gcomhluadar Shaileoige agus déarfadh sé le pé ainmhí a d'éistfeadh leis gurbh é treoraí oifigiúil an Bhanfhlaith Saileog é.

Bhí sé déanach sa tráthnóna agus é ag dul ó sholas nuair a tháinig siad a fhad le haill ard. Thíos fúthu chonaic siad an fharraige mhór. Dhreap siad síos taobh na haille go cúramach, iad tuirseach traochta tar éis an tsiúil go léir. I bhfoscadh na haille rinne siad tine bheag. Róst siad cuid de na cnónna a bhailigh Seán Rua ar an mbealach.

Sheas Saileog ar an trá iargúlta agus d'fhéach sí amach thar an bhfarraige. Sa leathsholas ba ar éigean a d'fhéadfadh sí na sléibhte maorga gorma a bhí ag gobadh amach as an bhfarraige a dhéanamh amach.

'Cá bhfuil ár dtriall anois?' a d'fhiafraigh Seán di.

Chas Saileog timpeall go mall agus í ag seiceáil neart an tsolais ón siogairlín. Mar a rinne sé ó thosaigh siad ar a dturas, neartaigh an solas glas ón siogairlín nuair a chas Saileog ó thuaidh. Bhí an solas céanna á dtreorú anois trasna na farraige!

Bhí an oíche tar éis titim um an dtaca sin. Rinne Saileog iarracht fadhb nua seo an turais thar farraige a chur as a hintinn. Rinne an bheirt leaba dóibh féin i mbéal pluaise. Chodail siad ansin agus rithim na dtonnta á mealladh chun suain. Ach bhí codladh Shaileoige corrach go maith.

Ag breacadh an lae bhí siad ina suí arís. Ní raibh ach dhá lá fágtha ag Saileog anois chun áit chónaithe nua a aimsiú dá muintir. Sheas sí amach ar imeall na farraige ag féachaint amach go fíor na spéire, an luisne fós go láidir ón siogairlín.

'Conas is féidir linn an fharraige a thrasnú?' arsa Seán Rua. 'Níl snámh agamsa agus ní fheicim aon bhád thart anseo.'

‘Tá sé rófhada chun snámh. Caithfimid cúnamh a fháil,’ arsa Saileog leis go smaointeach.

‘Cúnamh?’ arsa Seán Rua. ‘Ní fheicim aon duine thart a chabhródh linn. Ní fhéadfaimis dul i muinín na bhfathach, an bhféadfaimis?’

Bhí eagla i nglór Sheáin Rua. Bhí pian fós ina ghualainn san áit ar bhuail an chloch é an lá roimhe sin. Ghoill an buille sin air.

‘An bhfeiceann tú na deilfeanna sin thall?’ arsa Saileog leis agus í ag síneadh méire amach i dtreo na farraige.

Chonaic Seán Rua dhá dheilf amuigh ar an bhfarraige, iad ag léim agus ag baint aoibhnis as an maidin.

‘Feicim iad, ach cad fúthu?’

‘Tabharfaidh siadsan thar an bhfarraige muid.’

Ba bheag nár thit Seán Rua i bhfanntais leis an racht gáire a bhuail é.


‘Is maith an rud é gur tháinig mise leat,

a Shaileog. Ní thuigeann tú mar a oibríonn cúrsaí ar an dromchla,' ar seisean go hardnósach. 'Ní thugann deilfeanna síob do dhaoine!' ar seisean agus ba bheag nár thacht sé leis an racht gáire a bhuail é.

'Tabharfaidh siad síob dúinne,' arsa Saileog.

'Cad chuige a ndéanfaidís sin?' arsa Seán Rua, a theanga ina leathphluc aige.

'Mar go n-iarrfaidh mise orthu,' arsa Saileog agus bhris aoibh mhór gháire ar a haghaidh.



# Na Deilfeanna

Thóg Saileog mám de chré Fhothalaimh ón mála beag leathair a bhí ceangailte lena crios. Shín sí amach í agus chan sí ortha faoina hanáil i mbriathra nár thuig Seán Rua ar chor ar bith. Ansin shéid sí ar an gcré. D'éirigh an meall cré suas san aer mar a bheadh sé beo beathach. Chonaic Seán Rua an chré ag sní a bealaigh tríd an aer go dtí an áit a raibh na deilfeanna ag súgradh. Rothlaigh an meall cré thart orthu. Go tobann, d'éirigh na deilfeanna as a gcuid spraoi agus thosaigh ag déanamh ar an gcladach, áit a raibh Saileog

ag fanacht leo.

'Conas a rinne tú é sin?' a d'fhiafraigh Seán Rua di, agus leath a shúile le hiontas.

'Tá draíocht i gcré Fhothalaimh!' ar sise, í ag gáire agus ardú meanman uirthi.

Bhain Saileog a bróga di agus shnámh amach go dtí na deilfeanna nach raibh anois ach cúpla méadar uaithi. Bhí siad amhrasach fúithi ar dtús ach is créatúir fhiosracha iad na deilfeanna.

'Cad chuige ar ghlaoigh tú orainn?' ar siad le Saileog ina nguthanna aite.

'Is mise Saileog de shliocht Shíne agus tá bhur gcúnamh uainn.'

Baineadh stangadh as na deilfeanna agus chúlaigh siad uaithi roinnt, eagla orthu ar dtús roimh dhuine a labhair leo ina dteanga féin.

'Conas a thuigeann muidne tusa?' a d'fhiafraigh siad d'aon ghuth agus iad ag snámh timpeall uirthi.

'Nár chuala sibh scéalta faoin am fadó

nuair a bhíodh daoine agus ainmhithe in ann a chéile a thuiscint? Bainimse leis an saol sin, an saol roimh an oighearaois,' a mhínigh Saileog dóibh.

'Ní cuimhin linne an t-am sin,' arsa Finn, an deilf ba shine, 'ach chuala mé scéalta, ceart go leor, faoin am fadó nuair a thuig an deilf an duine agus an duine an deilf. Ach tá an t-am sin imithe le fada. Ní thuigeann an duine an deilf a thuilleadh. Déanann daoine seilg orainn ina mbáid mhóra. Tá dearmad déanta acu ar an gcairdeas a bhí idir deilfeanna agus daoine uair. Cad chuige a dtabharfaimis cúnamh duitse? Is fada ó tugadh aon chúnamh don deilf.'

'Tá brón orm go ndearnadh seilg oraibh ach ní mise ná mo mhuintir a rinne í ná atá ciontach aisti. Chuamarna faoi thalamh chun éalú ó dhainséar an oighir na mílte bliain ó shin,' arsa Saileog agus d'inis sí scéal Fhothalaimh dóibh. 'Ach tá an tseandraíocht

imithe i léig go mór ó shin,' arsa Saileog agus í ag críochnú a scéil. 'Agus tá an chuma air gur ina bhfathaigh a d'fhás Cine Riada a d'fhan ar an dromchla. Is léir go bhfuil a gcúl tugtha acu leis na sean-nósanna freisin.'

'Ach conas is féidir linne cúnamh a thabhairt duit?' arsa Finn ansin, agus é ag bualadh an uisce lena eireaball. 'Is ainmhithe mara muid. Níl aon eolas againn ar chúrsaí draíochta.'

'Caithfidh mé dul thar an bhfarraige go dtí na sléibhte gorma sin thall,' a mhínigh Saileog. 'Tá mé ag leanúint solas an tsiogairlín. Is siogairlín draíochta é seo, an siogairlín ceannann céanna a chaith an bandraoi Síon i gcaitheamh a saoil. Níl a fhios agam cá bhfuil sé do mo threorú ach táim cinnte nach seolfaidh sé ar strae mé.'

'Turas fada farraige atá i gceist agat,' arsa Fiara, an deilf eile, ag labhairt le Saileog den chéad uair. 'Beidh orainn cúnamh a fháil ó na deilfeanna eile. Is cuid den bháire deilfeanna

mé féin agus mo dheartháir, Finn, ó chósta thuaidh an oileáin.'

'An gcabhróidh siad linn, meas tú?' arsa Saileog.

'Cad chuige nach gcabhródh!' arsa Finn. 'Is ainmhithe cairdiúla muid uile agus ní minic a fhaighimid deis comhrá a bheith againn le déchosach.'

'Déchosach?'

'Sea, sin é an t-ainm atá ag na deilfeanna ar an duine,' arsa Fiara agus léim sí féin agus Finn suas síos san uisce ag briseadh a gcroí ag gáire amhail is dá mba fhocal an-ghreannmhar é.

Shnámh Finn suas go dtí Saileog go dtí go raibh siad beirt ag snámh srón le srón. Ansin d'fhiafraigh sé di i nguth dáiríre, 'A dhéchosaigh, an dtuigeann tú nós na ndeilfeanna i gcás den sórt seo? Má thugaimid cúnamh duit caithfidh tusa gar éigean a dhéanamh dúinne.'

'B'fhearr liom go dtabharfá Saileog orm.


Cén gar atá uaibh?'

'Níl tada uainn faoi láthair, a Shaileog, ach caithfidh tú geallúint a thabhairt má tharlaíonn sé go n-iarrann deilf gar ort, deilf ar bith in áit ar bith in am ar bith, go ndéanfaidh tú dó nó di é.'

'Geallaim duit go dtabharfaidh mé pé cúnamh a iarrfar orm nuair a thiocfaidh an t-am sin,' arsa Saileog.

Bhí an margadh déanta.

# Turas Farraige



Suas le Saileog ar dhroim Fhinn. Bhí Seán Rua fós ar an gcladach ar imeall na dtonnta.

'Más maith leat teacht, a Sheáin Rua, deir Fiara nár mhiste léi síob a thabhairt duit ar a droim. Ach caithfidh tú a bheith cúramach nach ngortaíonn d'ingne géara a droim.'

Níor fhreagair Seán Rua í. Bhí eagla an domhain air dul ar dhroim na deilfe agus, ar ndóigh, b'fhuath leis an t-uisce! Chonaic Saileog an eagla i súile Sheáin Rua. Bhí an ghaoth ag séideadh go láidir agus a chuid clúimh ina sheasamh ina spící.

'Ní thógaim ort é más fearr leat fanacht. Níl a fhios agam cá bhfuil mé ag dul nó an bhfillfidh mé choíche.'

Ba bhreá le Seán Rua an eachtra mar níor tharla aon ní chomh heachtrúil dó riamh roimhe ina shaol. Chruinnigh sé a chuid misnigh agus rith amach san fharraige agus léim ar dhroim Fhiara. Bhí siad ar a mbealach thar an bhfarraige mhór!

Shnámh na deilfeanna ar luas lasrach tríd an uisce. Bhí greim an fhir bháite ag Seán Rua ar dhroim Fhiara agus bhí a chlúmh fliuch báite. Bhí an créatúirín níos cosúla le francach ná le hiora rua! Bhí Saileog ag baint suilt as an turas. Bhí an dá dheilf óg cainteach agus gach seans a bhí acu bhí siad ag cur ceisteanna ar Shaileog faoin tír faoi thalamh. Leathbhealach trasna, tháinig dhá dheilf eile suas leo. Col ceathracha le Finn agus Fiara ba ea iad. Sian agus Siosa a bhí orthu. Bhí siad níos sine ná Finn agus Fiara agus cé go raibh siad cairdiúil bhí deifir

orthu filleadh ar an mbáire. Ba leasc le Finn agus le Fiara Saileog agus Seán Rua a fhágáil ach bhí siad tuirseach traochta ón turas fada farraige. Bhí sé in am a bpaisinéirí a aistriú. Tháinig na deilfeanna le chéile. Rug Saileog greim ar Sheán Rua, thug sí léim ó dhroim Fhinn go dtí droim Shiosa agus chuir sí Seán Rua ar dhroim Shéine. Níor oscail Seán Rua a shúile, áfach, go dtí go raibh sé slán sábháilte ar dhroim Shéine!

Bhí an dara leath den turas farraige níos deacra. Bhí an fharraige garbh agus bhí sruthanna láidre ag déanamh ar an gcósta. San áit a raibh siad ag dul i dtír bhí na tonnta ag briseadh ar mire i gcoinne na gcarraigeacha móra dubha agus cúr bán á stealladh acu anuas ar Shaileog agus ar Sheán Rua.

# An Tír i gCéin



Thart ar mheán lae a bhí sé nuair a tháinig siad i dtír ag bun na n-aillte. D'fhág siad slán ag Sian agus ag Siosa. Shnámh siad sin go sciobtha i dtreo chósta thuaidh an oileáin, áit a raibh a mbáire ag fanacht leo. D'iompair Saileog Seán Rua ar a guaillí an cúpla slat eile go dtí an cladach. Bhí cuma ainnis air agus é ag aiseag gan stad. An créatúr bocht, níorbh aon mhairnéalach é!

Ach tháinig Seán Rua chuige féin go sciobtha nuair a bhí a chosa ar thalamh tirim arís. D'fhan an bheirt ar an gcladach

ar feadh tamaill ansin, iad sínte amach ar na carraigeacha á dtriomú féin. Rith sé le Saileog den chéad uair agus í á téamh féin faoi theas na gréine go raibh an ceart ag Tuire. Ba í féin an té a bhí roghnaithe, i ndáiríre. Cinnte dearfa bhí a deirfiúr, Damhnóg, níos láidre ná í agus í in ann rith níos sciobtha ná í. I ngach ar bhain le cúrsaí cogaidh agus go leor rudaí eile thug Damhnóg an barr ar Shaileog – ach in aon rud amháin. Bhí an cumas labhairt le hainmhithe ag gach duine de Chine Shiabhra, agus ag Damhnóg fosta, ach ní dhearna Damhnóg iarracht riamh teanga na n-ainmhithe a fhoghlaim i gceart. Cheap sí nach raibh tábhacht léi. Ach gan an bua sin ní bheadh Damhnóg in ann solas an tsiogairlín a leanúint thar farraige!

Agus an smaoineamh sin á misniú thug Saileog aghaidh ansin ar an sliabh. Bhí dreapadh fada crua roimpi féin agus roimh Sheán Rua. Chuaigh Saileog chun tosaigh. Bhí sé éasca go leor ar dtús agus lean siad sean-lorg

gabhar. Leathbhealach suas d'éirigh an dreapadh níos dainséaraí. Bhí clocha scaoilte ar fud na bhfud. Bhí an dreapadh an-chrua ar Sheán Rua lena chosa beaga. D'fhéadfadh sé dul suas síos crainn an lá ar fad gan mórán stró ach níorbh aon dreapadóir sléibhe é. Bhí sé ag titim go mór chun deiridh.

Bhí sé déanach sa tráthnóna agus é ag dul ó sholas nuair a baineadh tuisle as Seán Rua. Thit sé go trom i ndiaidh a mhullaigh síos an fhána ghéar. Chas Saileog timpeall nuair a chuala sí an bhéic chráite a lig sé as. Bhí Seán Rua sínte ar a dhroim agus a aghaidh bheag teann leis an bpian. Bhí cnámh bheag ag gobadh amach óna chos deiridh clé. Bhí a chos bhocht briste brúite.

Bhí a fhios ag Seán Rua go bhfaigheann ainmhithe mar é bás de chos bhriste mar nach dtig leo bia a bhailiú a thuilleadh.

'Lean ar aghaidh tú féin,' ar seisean le Saileog. 'Níl ach lá amháin eile fágtha agat chun áit chónaithe nua a aimsiú do do

mhuintir.'

'Ní fhéadfainn tú a fhágáil anseo.'

'Caithfidh tú. Níl an dara rogha agat.'

Bhí rogha eile aici, áfach. Bhí mám amháin eile de chré Fhothalaimh fágtha sa mhála. Thóg Saileog an chré amach as an mála.


'Ná déan, a Shaileog,' arsa Seán Rua. 'Sin an méid cré atá fágtha agat. Níl ionamsa ach iora rua. Tá na mílte de do mhuintir ag brath ortsa.'

Ach bhí a haigne déanta suas ag Saileog. Thóg sí an chré ina lámh dhúnta agus dúirt sí ortha leighis i gcogar tríd an mbearna bheag idir an ordóg agus an mhéar fhada. Ansin chuimil sí an chré de chos Sheáin Rua. Go tobann stop an fhuil. Dhún an chréacht agus chneasaigh sí. Sheas Seán Rua suas agus bhí a chos chomh maith agus a bhí riamh. Rian den ghortú ní raibh le feiceáil a thuilleadh!

Chuir an timpiste moill orthu. Bhí siad dhá thrian den bhealach suas an sliabh um an dtaca sin agus an oíche ag titim. Bhí sé

thar am sos a ghlacadh. D'aimsigh siad foscadh ó fhuacht na hoíche i bpluais bheag ar thaobh an tsléibhe. Ní raibh tada le hithe acu, áfach. Bhí a chuid cnónna caillte ag Seán Rua amuigh ar an bhfarraige. Chaith siad an oíche cuachta le chéile.

# An Chathair Chaillte



Dhúisigh Saileog de gheit maidin lá arna mhárach mar bhí teas an tsiogairlín ag dó a craicinn, nó b'in a cheap sí ar aon nós. Léim sí ina seasamh.

'Cad atá cearr leis an rud seo ar chor ar bith?'

Bhain sí dá muineál é agus í ag siúl amach go béal na pluaise. Chonaic sí ansin an ghrian ag éirí go mall ar fhíor na spéire. D'fhéach sí timpeall uirthi agus faoi sholas na gréine chonaic sí bearna bheag ar thaobh an tsléibhe nach raibh tugtha faoi deara aici

an oíche roimhe sin. Ba bheag nár dódh a lámh leis an teas a bhí ag teacht ón siogairlín nuair a chas sí i dtreo na bearna sin.

'Dhúisigh tú mé d'aon ghnó,' ar sí leis an siogairlín.

Mhothaigh sí amaideach ansin a bheith ag caint le siogairlín, fiú dá mba shiogairlín draíochta é!

'A Sheáin Rua! Dúisigh! Dúisigh! Caithfimid imeacht láithreach!

Rith siad i dtreo na bearna agus gathanna na gréine fós ag soilsiú na hoscailte. Isteach leo sa bhearna chúng. De réir mar a chuaigh siad isteach d'éirigh an bhearna níos leithne ionas gurbh fhéidir leo seasamh suas díreach. I bhfad uaithi chonaic Saileog solas. Bhí siad i bpluais de shaghas éigin, pluais a bhí thart ar thríocha méadar ar fad, mheas Saileog.

'Má tá an ceart agam is bealach rúnda í an phluais seo go dtí lár an tsléibhe. Ach cad chuige a dtabharfadh an siogairlín anseo mé?'

Bhrostaigh sí i dtreo an tsolais, a croí ag preabarnaigh go sciobtha ina hucht. Ach go tobann bhí siad ar imeall aille rite! Ba dhóbair do Sheán Rua titim le haill ach gur rug Saileog greim air. Thíos fúthu chonaic siad baile beag neadaithe ar thaobh an tsléibhe. Baineadh siar as Saileog. Ba bheag nár fágadh ina staic í. B'iontach an feic é. Baile a bhí ann cinnte ach baile a bhí tréigthe le fada agus cuid de na tithe ag titim as a chéile.

'Tá na foirgnimh bhána sin díreach cosúil leis na cinn i bhFothalamh!' ar sise. 'An é seo an baile a d'fhág mo mhuintir na mílte bliain ó shin agus iad ag éalú roimh dhainséar an oighir? Ar threoraigh an siogairlín ar ais go sean-bhaile mo shinsear mé?'

Bhí staighre cloiche gearrtha amach ar imeall na haille síos go dtí an baile. Síos le Saileog agus le Seán Rua go cúramach mar bhí cuid de na céimeanna sleamhain agus síonchaite. D'fhéach siad thart timpeall orthu le hiontas. Bhí sráideanna beaga, níos

cosúla le lánaí, i ndáiríre, ag sní a mbealaigh soir trasna an bhaile. Bhí leagan amach an bhaile díreach cosúil le príomhchathair Fhothalaimh. Bhí cearnóg bheag ina raibh scairdeán álainn ag ceann gach sráide. Bhí an fásra go tiubh ar fud na háite, é rite fiáin thar na blianta. Ach b'álainn an radharc é, mar sin féin.

Shiúil Saileog díreach go dtí halla tionóil an Rí agus isteach léi trí na doirse móra adhmaid. Arís bhí an halla leagtha amach mar a bhí an ceann i bhFothalamh. Ag an mbarr bhí an chathaoir ríoga. Taobh thiar den chathaoir ríoga bhí scáthán mór ornáideach, macasamhail an scátháin i bhFothalamh.

Bhí Saileog cinnte dearfa go raibh sean-bhaile a sinsear aimsithe aici. Bhí meanma mhaith aici go dtí gur smaoinigh sí ar an turas fada a bheadh roimpi ar ais go dtí an t-oileán agus go dtí Lios na Sciath. Ní fhéadfadh sí é a dhéanamh in aon lá amháin! Bhí teipthe uirthi!

# An Eochair



‘Céard is féidir liom a dhéanamh anois, a Sheáin Rua?’ arsa Saileog. ‘... A Sheáin Rua?’

Ach tásc ná tuairisc ní raibh ar Sheán Rua. Bhí sé amuigh ag bailiú cnónna ón gcoill bheag ar imeall an bhaile agus ag bualadh le hainmhithe eile na coille! Ní raibh greim ite aige le fada agus má tá aon rud a chuireann isteach ar iora rua thar aon ní eile is é an t-ocras é. Is fearr leo i gcónaí go mbeadh bia breise i dtaisce acu áit éigin.

D’fhéach Saileog ar a scáil sa scáthán mór ornáideach. B’ainnis an radharc í. Bhí sí

salach gioblach agus í níos cosúla le hiníon feirmeora ag teacht isteach i ndiaidh lá oibre ná le banfhlaith de Chine Shiabhra.

'Cad chuige ar cheap tusa riamh go sábhálfá Cine Shiabhra?' arsa Saileog lena scáil féin sa scáthán mór. 'Cén mhaith dom an siogairlín seo anois?'

Bhí Saileog in ísle brí. Ní raibh luisne ag teacht ón siogairlín a thuilleadh. Bhí sé mar a bheadh sé dóite amach.

'Tá mé san áit cheart. Táim cinnte de. Ach cad a dhéanfaidh mé anois?'

Go tobann rith sé le Saileog go raibh rud éigin as bealach i halla tionóil an Rí. Ag féachaint timpeall uirthi, chonaic sí salachar agus deannach ar fud na háite. Bhí an t-urlár clúdaithe le duilleoga feoite a shéid isteach trí na fuinneoga arda a briseadh in imeacht na mílte bliain. Bhí feithidí agus damháin alla ag rith trasna urlár an halla. Bhí na binsí adhmaid tite as a chéile le fada an lá.

'Cad chuige, mar sin,' arsa Saileog os ard,

'a bhfuil an scáthán seo chomh glé glan agus a bhí sé an chéad lá ar cuireadh anseo é?'

Gnáth-scáthán ba ea é, dar léi, a raibh fráma ornáideach óir timpeall air. Scrúdaigh sí an ghloine sa scáthán. Ní raibh tada neamhghnách ag baint léi. Scrúdaigh sí an fráma ornáideach ansin. Ní fhaca sí go raibh tada neamhghnách ag baint leis sin ach oiread. Sheas Saileog siar uaidh. Mar sin féin, bhraith sí go raibh rud éigin ait faoin taobh clé den fhráma. Ach cérbh é?

Níor thug sí aon aird air ar dtús. Cheap sí gur phíosa den fhráma é a briseadh na cianta ó shin. Ach ansin nuair a scrúdaigh sí níos géire é rith sé léi nach de thimpiste a briseadh an píosa beag seo den fhráma. Bhí sé briste i gcruth áirithe, cruth S, cruth an tsiogairlín! Las dóchas úr ina croí agus chuir sí an siogairlín go cúramach sa chuid bhriste den fhráma. Bhí a thomhas go beacht ann! Go tobann, thosaigh an scáthán ag crithlonrú, ag doiléiriú, agus ag éirí ildaite

glé arís, amhail is go mbeadh na céadta tuar ceatha ann. Sheas Saileog siar uaidh. Cad faoin spéir a bhí ag tarlú?



# An Scáthán Draíochta

Nuair a ghlan an scáthán arís cé a bhí ina sheasamh ar an taobh eile den scáthán ach Tuire agus meangadh mór gáire ar a bhéal.

'A Thuire!' arsa Saileog leis.

'Is ea, mise atá ann! Bhí a fhios agam go n-éireodh leat an seanbhaile a aimsiú arís!'

'An raibh a fhios agatsa go raibh an seanbhaile fós ann agus go raibh scáthán ornáideach i halla tionóil an Rí?' arsa Saileog.

'Ní raibh mé cinnte faoi. Luaitear iad sna hannála ach bhí cosc orm aon cheo den eolas

sin a roinnt leat.'

'An bhfuil an tseandraíocht imithe i léig fós? Fillfidh mé láithreach agus taispeánfaidh mé an bealach daoibh. Ach níl a fhios agam conas is féidir liom sibh go léir a thabhairt anseo. Táim na mílte ar shiúl ó Lios na Sciath agus tá turas farraige le déanamh chun teacht ar an áit seo. Tá teipthe orm, a Thuire!'

Thit sí siar ar a glúine agus í tuirseach traochta.

'Níl teipthe ort, a Shaileog,' arsa Tuire go cneasta. 'Ní gá filleadh. Tá na daoine go léir bailithe anseo liom sa halla tionóil, an t-aon áit atá slán anois i bhFothalamh. Is doras é an scáthán seo, doras éalaithe don seanbhaile. Níl le déanamh againn ach siúl tríd!'

Ar a chlos seo di d'éirigh Saileog feargach lena seanmhúinteoir. Smaoinigh sí siar ar an turas achrannach anróiteach a bhí curtha di aici.

'Má bhí a fhios sin agat cén fáth ar chuir tú ar an turas contúirteach seo mé? Cén fáth

nár úsáideadh an bealach éalaithe seo nuair a thosaigh an draíocht ag dul i léig? Cén fáth an raiméis sin a dúirt tú liom gur ar mo láimh a bhí cinniúint mo mhuintire?'

'Ná bíodh fearg ort,' arsa Tuire. 'Ba é do chinniúint é agus duitse amháin a d'oibreodh draíocht an tsiogairlín. Ní oibreodh an scáthán gan an siogairlín. Eochair is ea é. Bhí ortsa an doras a oscailt dúinn. Ní fhéadfaí é a oscailt ón taobh seo.'

Sheas Tuire siar ansin agus chonaic Saileog a hathair, an Rí, Fachtna Rua, agus a deirfiúr, Damhnóg. Ba léir go raibh siad uile an-bhródúil aisti.

Duine ar dhuine tháinig Cine Shiabhra tríd an scáthán agus d'fhág Fothalamh go deo. Ba mhór an t-ionadh a bhí orthu seanbhaile a sinsear a fheiceáil. Bhí ceiliúradh agus féasta mór an oíche sin i halla tionóil an Rí. Tugadh áit speisialta ag bord an Rí do Sheán Rua agus nach é a bhí sásta leis sin! Ba mhór an moladh agus an gradam a bronnadh ar

Shaileog féin. Ní raibh aon amhras fágtha in intinn duine ar bith ach gurbh í Saileog an té a bhí roghnaithe.

I lár na sléibhte móra gorma tá seanbhaile Chine Shiabhra. Is ann a mhaireann siad go dtí an lá atá inniu ann, an t-aon chine a chuaigh faoi thalamh chun éalú ó dhainséar na hoighearaoise.